






and Agreement... performed, fulfilled and done, H  
 ALL that Lot or Piece of Ground situate on the North West Side of Broad Street  
 Rath, alias Baggottrath, containing West Side one hundred and  
 square and leading from the Breadth of the Area, which is East and North West to all  
 and the aforesaid Hab  
 forth in the Map of Ter-chart hereunto  
 He the said  
 Thirty Six Years  
 pounds five Shillings  
 and above ALL and all Manner of Tax  
 at any Time hereafter shall be taxed, ch  
 pounds five Shillings Sterling  
 Viscount Fitzwilliam, his Heirs or Assigns  
 distress on the said Premises to be had, ther  
 anding. And the said Thomas Andrew  
 said Thomas Andrew  
 William Square  
 Feet wide in the Front of said Houses, an  
 the wall which he shall build before the  
 expense and that no cattle shall be put on  
 Expense  
 Months, and shall turn the Vaults to the Fre  
 the said Richard, Lord Viscount Fitzwilliam,  
 or other Projections shall be made in the Fro  
 of the said Houses to the said Fitzwillia  
 Year he the said Thomas Andrew  
 or Assigns, an additional yearly Rent or  
 or otherwise, as the said herein before refer  
 been made, any Thing herein contained to th  
 Richard, Lord Viscount Fitzwilliam, his Hei  
 enclose the said Fitzwilliam Square  
 tional yearly Rent of twenty pounds  
 Richard, Lord Viscount Fitzwilliam, his He  
 in the Front of said House as a Shop, or follo  
 Druggist, Apothecary, Tanner, Skinner, Lin  
 shall be utterly void to all Intents and Purposes a  
 tors, Administrators or Assigns, shall forfeit a  
 Rent or Sum of Twenty full poun  
 contained to the contrary in anywise notwith  
 Fitzwilliam, his Heirs and Assigns, in Manner  
 hundred and thirty six Years, well and truly  
 give additional yearly Rents of ten pounds  
 before appointed for Payment thereof, clear  
 Waste or Destruction in or upon the said hereby  
 Term hereby granted, at his and their own pro  
 done in or upon the said demised Premises, or  
 de, built or erected thereon, unto the said Ric  
 his Heirs, Executors, Adm  
 the said Richard, Lord Viscount Fitzwilliam, h  
 to and with the said Thomas Andrew  
 Rents, and performing and fulfilling the Coven  
 without the Let, Suit, Trouble, Interruption  
 whereof the said Parties have hereunto set the




Tho. Andrews

Fitzwilliam

# N.A.A.C.P.

Here Fifty three feet, in Depth on the North East side in the Suburbs of the  
Passage through the Stable Lane twenty four feet wide at the Bottom which said  
is above the flagged Passage which is to be Ten Feet wide from the said  
all of retained and on the South West to ground

North West side of  
e Rt Honble  
Thos Andrews  
John Roe



Street

or in any wife as pertaining. SAVING, EXCEPTING and RESER  
Lot or her by devised Premises with the Appurtenances, unto him the  
I do give the Time and Space of one hundred and th

DING and PAYING therefore and thereout, yearly and every Year, duri  
unto the said Richard, Lord Viscount Fitzwilliam, his H  
yearly, on every twenty-ninth Day of September and twenty-fifth Day of N  
other Charges or Impositions whatsoever, known or unknown, ordinary or  
of Parliament, or otherwise howsoever. AND if it shall happen that the  
er of the said Days of Payment, then and as often as it shall so happen it sh  
es then and there found to take, lead, drive and carry away, and thereof to  
re-possess and re-enjoy, as in his and their first and former Estate, any Th  
covenant, promise, grant and agree, to and with the said Richard, Lord V  
first Year of the said Term build on the entire Front of the said  
with Slates, not less than three Stories and a half high above the  
Houses in Merrion-street, and shall pave the whole Street before the Fro  
annexed called Fitzwilliam Square shall be preserved as a Squa  
anted in such manner as the majority of the Tenants of said Square  
s Andrews and shall enclose the said demised P

sterling, and that  
with a Stone Kerb with  
said Area, D  
expiration  
his Heirs, Executors, Adminis  
said Houses shall range in the Line  
op, ranging uniformly along the  
be built, fixed up and made i  
Year YIELD and pay u  
rly Rent herein before refer  
or Demise shall be utterly v  
ors and Assigns, doth furth

unto the said Richard, L  
Assigns, doth also cover  
e said Term of one h  
ap-boiler, Chandler,  
on the Breach of this  
Thomas Andrews  
whilst such Trade or Busin  
rels or otherwise, as the said hereby  
Assigns, covenant, promise, grant and u  
ors and Assigns, shall and will from Time to

Twenty six pounds six Shillings  
his Heirs, Executors, Administrators or Assigns, shall not  
his Executors, Administrators or Assigns shall and will from  
difices, Buildings, and all other Improvements whatsoever which at any Time  
I shall and will leave and yield up the said demised Premises, and all Houses,  
of this present Lease, in like good Order, Repair and Condition. AND th  
on customary Summons, do and perform Suit and Service at the Courts-  
the said Richard, Lord Viscount Fitzwilliam, for himself, his Heirs and Aff  
id Thomas Andrews his Heirs, Executo

said hereby demised Premises, and every P  
fully claiming or to claim by, from or un



977462/283 Léasanna Eastáir Pembroke:  
leas i gcomhair 150 bliain chuig Nathaniel Calwell do shailte ar  
an taobh thoir theas de Chearnóg Mhic Liarn, cathair Bhaile Átha  
Clairh. Aibreán 1814.  
inlis 977462:  
boart léasanna Eastáir Pembroke, deireadh an ochtú haois deag

**An 7ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta 1998**

©Rialtas na hÉireann 1999

ISSN:

0791-4601

Pn

7724

---

Arna chur faoi bhraid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán agus arna leagan faoi bhraid gach Tí den Oireachtas de réir ailt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

---

*Arna fhoilsiú ag:*

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

---

*Tá cóipeanna ar fáil ó:*

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta  
An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpáig, Baile Átha Cliath 8, Éire  
Teil: + 353 1 4072 300  
Fasc: + 353 1 4072 333  
Ríomhphost: mail@nationalarchives.ie

---

*Tá tuais na tuarascála seo ar fáil ar líthair líonra na Cartlainne Náisiúnta:*

<http://www.nationalarchives.ie>

---

*Arna dhearadh ag:*

Ger Garland

---

*Arna chlóbhuailadh ag:*

Nicholson and Bass

---

*Clúdach inaigh, márbhictiúr:*

CH111: Reachtroíla 28 Henry VIII, 1536 - 37.

*Clúdach inaigh, intlé:*

620/157537/108 *Páipéir Reibiliúin*: lámhbhille a fuarthas i measc pháipéir an Dr. William McNevin, 1798.

---

## CLÁR

Litr chuig an Aire Ealaion, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán	6
1. Cúlra	7
2. Bunú agus Feidhm	8
3. Comhaltas	9
4. Gníomhaíochtaí	10
5. Plean Straitéiseach don Chartlann Náisiúnta	11
6. Caomhnóireacht	13
7. Taifid Roinne a Aistriú	14
8. Saoráil Faisnéise	15
9. Ábhair Chartlainne Údarás Áitiúil	16
10. Ábhair Chartlainne mar Oidhreacht	17
11. Tiomnacht Francis J. Crowley	18
AGUISÍN: Bronnadh Oifigiúil Thiomnacht Francis J. Crowley ar an Stát	19
INNÉACS	20

Síle de Valera, TD,  
Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán

## AN 7ú TUARASCÁIL ÓN GCOMHAIRLE UM AN GCARTLANN NÁISIÚNTA, 1998

A Aire, a chara,

De réir alt 21 den acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, cuirim chugat an 7ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 1998.

Ba bhliain shuntasach í an bhliain 1998 mar gheall ar an eolas méadaitheach ar chuimhne phoiblí atá tugtha faoi deara ag cartlanna i gcoitinne, idir náisiúnta agus áitiúil. Thosaigh an bhliain leis an dea-scéal go raibh an Rialtas tar éis ceadú a thabhairt i leith oiriúnú agus mhéadú an stórais ag Sráid an Easpag ar chostas tuairim is ££13 milliún; is socrú é sin a ndearna tú féin caibidlí maidir leis.

Is mó ná riamh an ceangal idir imeachtaí rábhachtacha stairiúla a chomóradh agus taiscí cartlainne a úsáid, agus teacht a bheith ar na taiscí sin. Le linn 1998, ba mhór an spreagadh d'obair na Comhairle tiomnacht Francis J. Crowley a fuarthas thar ceann an Stáit óna sheiceadóir. Déanann an Chomhairle comhghairdeas le foireann na Cartlainne Náisiúnta as an mbeart samhlaíoch a rinne siad is é sin le rá a mholadh go mbainfí leas as fáiltais na tiomnachta chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadal liostaithe, micreascannánaithe agus cruthaithe CD-Rom ó Pháipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí sa tréimhse 1818 go 1852 arbh iad na blianta deireanacha di na blianta inar tharla an Gorta Mór.

Táimid buíoch as díograis agus ardchaighdeán fhoireann na Cartlainne Náisiúnta tráth inar mó ná riamh na héilimh a dhéantar orthu.

Faoi mar a rinneadh i dTuarascáil na Comhairle don bhliain 1997, ní mór a rá go bhfuil imní orainn i gcónaí faoin leibhéal neamhdhóthanach foirne agus faoin easpa foirne riaracháin ag gráid áirithe laistigh den Chartlann Náisiúnta. Feictear dúinn, ach go háirithe, gur ábhar tosaíochta é poist a chruthú mar Bainisteoir Teicneolaíochta Eolais agus mar Cheann Caomhnóireachta.

Beidh sé solléir freisin, tar éis an Tuarascáil a léamh, go raibh an Chomhairle gníomhach i dtaca le hidirchaidreamh a dhéanamh le cartlanna údarás áitiúil agus i dtaca le malartú trasteorann a neartú.

Is mise,

Margaret MacCurtain  
Cathaoiríoch  
Deireadh Fómhair, 1999





98/49

Stampa trádmainic Oifig na bPáistíní, ca. 1920.

shin 97/46/21255 *Léanna Eastaí Proibhe:*

léas i gcomhair 61 bhliain chuig Richard Cranfield agus Michael Rogers as Scald-Hill, cuid de Ráth Bhagáide i gContae Bhaile ítha Chiarth, maíle le Maircáil i gceangal leis, Meitheamh 1790.

# NAAC


## I. CÚLRA

### 1.1

Tá ionad tábhachtach ag an gCartlann Náisiúnta i saol cultúrtha agus intleachtúil an náisiúin. Is í an choimeádlann chartlannaíochta is tábhachtaí sa stát i agus coimeádtar taifid oifigiúla na hÉireann nua-aoisí inti. Tá acmhainní maíthe sna taifid sin le haghaidh taighde stair. Tá bunábhair riachtanacha inti do stairithe arís ag iarraidh tuiscint agus míniú a fháil ar an tsí ina rialaitear saoránaigh an stáit seo agus na fórsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta lenar cruthaíodh Éire nua-aoiseach a rianú agus a thuairisciú. Cuireann sí deis ar fáil do státseirbhíshigh ná haimsire seo staidéar a dhéanamh ar pholasaí, tugann sí seans don iliomad cuairteoirí de bhunadh na tíre seo a gcuirtear fáilte rompu anseo a bpréamhacha a aimsiú agus bíonn leanaí scoile as gach cearn den tír seo in ann tuiscint a fháil inti ar a n-oidhreacht.

### 1.2

Go dtí an bhliain 1988 ba iad Oifig na dTáifead Poiblí in Éirinn (a bunaíodh i 1867) agus Oifig na Stáir-Pháipéar (a bunaíodh i 1702) a bhí freagrach as bailiú agus caomhnú taifead poiblí. Rinneadh an Chartlann Náisiúnta, ar institiúid í a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi, den dá chomhlacht sin de choradh an Acha um Chartlann Náisiúnta, 1986. Ón 1 Meitheamh, 1988, i leith, ní mór gach taifead Roinne is sine ná tríocha bliain d'aois a aistriú chuig cùram na Cartlainne Náisiúnta agus, faoi réir srantachtaí riachtanacha áirithe, ní mór iad a bheith ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal.




## 2. BUNÚ AGUS FEIDHM

- 2.1 Bunaidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ceapadh a comhaltai den chéad uair ar an 14 Eanáir, 1987. Nuair a bunaidh i gcéadúair í ba é ról na Comhairle ná comhairle a thabhairt don Taoiseach i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.
- 2.2 Ar an 20 Eanáir, 1993, áfach, rinneadh an chuid is mó de na cumhachtaí a bronnadh ar an Taoiseach leis an Acht a aistriú chuig an Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta ar a dtugtar an tAire Ealaíon, Oldhreachta, Gaeltachta agus Oileán anois.
- 2.3 Is é príomhfeidhm na Comhairle ná comhairle a thabhairt don Aire faoi gach ní a fhearrann ar ábhair chartlainne, laistigh de raon feidhme an Achta (ábhair chartlainne phoiblí go príomha) agus ar a n-úsáid ag an bpobal. Féadfaidh an tAire aon nithe a bhaineann le feidhm na Cartlainne Náisiúnta a chur chuig an gComhairle le comhairle a fháil ina thaobh nó féadfaidh an Chomhairle, ar a tionscnamh féin, comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh nithe den sórt sin.
- 2.4 Ní mór don Chomhairle a toiliú a thabhairt sula bhfeidhmíonn Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta a chumhacht faoi alt 4 den Acht um Chartlann Náisiúnta chun ábhair chartlainne a thabhairt ar iasacht d'institiúid eile. Ní mór don Chomhairle aontú a thabhairt sula bhfeidhmíonn an Stiúrthóir a chumhacht faoi alt 9 den Acht chun ábhair chartlainne a dhúscar.
- 2.5 Faoi alt 65(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, féadfaidh an Chomhairle comhairle a thabhairt don Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil freisin faoi aon nithe a fhearrann ar ábhair chartlainne udaráis áitiúil agus ar a n-úsáid ag an bpobal. Mar a chéile, féadfaidh an Chomhairle, faoi Alt 92 den Acht Cuanta, 1996, comhairle a thabhairt d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádurtha maidir le hábhair chartlainne atá ag cuideachtaí agus udaráis chuain.



THE LONGMEADOWS AREWAY.



thuar 98/49:

Stampa trádhmhairc Oifig na bPáircíní, ca. 1920.

1007 H Janoon 4/9:

leascáil de Bhealach Páirce Long Meadows,  
Droichead na hInse, Baile Átha Cliath, 1922.




### 3. COMHALTAS AGUS RÚNAÍ

Is iad comhaltaí na Comhairle ná cathaoirleach agus aon chomhalta dhéag eile ar a mhéad. Ceapadh an Chomhairle láithreach ar an 20 Bealtaine 1997 ar feadh téarma cúig bliana.

Seo a leanas na comhaltaí:

1. Margaret MacCurtain, M.A., Ph.D., F.R.H.S. (Cathaoirleach na Comhairle)  
*Staráí agus Comhalta Sínearach, Dámh na nDán, An Coláiste Ollcoile, Baile Átha Cliath*
2. Niall Bradley  
*Bainisteoir Chomae Chill Dara*
3. Mary E. Daly, M.A., D.Phil., M.R.I.A.  
*Ollamh Comhlachais i Nua-Stair na hÉireann, An Coláiste Ollcoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann; comhalta de Bhoird Cnaitseoirí Ard-Mháram na hÉireann.*
4. John Horgan, Ph.D.  
*Léachtaí Sínearach san Irisreacht, Ollcoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Údar.*
5. Liam Irwin, M.A.  
*Ceann Roinn na Staire, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollcoil Luimnigh.*
- Michael Kenny (d'éirigh as i mí Bhealtaine 1998)  
*Dialtóir leabhar agus staraí díritíil.*
6. Charles Lysaght, M.A., M.Lit., B.L.  
*Dialtóir acadúil agus scríbhneoir.*
7. Patricia McCarthy, B.A., D.A.A.  
*Cartlannaí, Institiúid Chartlannalochta Chorcaí; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.*
8. Susan Parkes, M.A., M.Lit., F.T.C.D.  
*Léachtaí Sínearach san Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; staraí oideachais.*
- Peter Rigney  
*Oifigeach Tioncail, Comhar Ceardchumann na hÉireann; staraí saothair.*
9. David Sheehy, B.A. D.A.A.  
*Cartlannaí, Cartlann Dheise Bhaile Átha Cliath; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.*
10. Anngret Simms, Ph.D., M.R.I.A.  
*Ollamh Comhlachais sa Tíreolaíocht, An Coláiste Ollcoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.*
- John Wilson (ceapadh i mí Mheithimh 1998)  
*Iar-Thánaiste agus Iar-Aire.*

Runaí: Joseph Meleady, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oiléán.



## 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

4.1 Tháinig an Chomhairle le cheile le haghaidh cruinnithe gnó ar na dátaí seo a leanas le linn 1998:

23 Eanáir 1998

5 Márta 1998

27 Márta 1998

12 Bealtaine 1998

26 Meitheamh 1998

31 Iúil 1998

24 Meán Fómhair 1998

16 Deireadh Fómhair 1998

4.2 D'fhonn a chumasú don Chomhairle eolas a cur ar nithe ab ábhar imní don fhoireann ghairmiúil sa Chartlann Náisiúnta iarradh ar bheirt chomhalta den fhoireann páipéir a thiolacadh don Chomhairle maidir le gnéithe sonracha dá gcuid oibre. I mí Eanáir, 1998, chuir an tUas. Ken Hannigan, Cartlannaí Sinsearach, páipéar mionsonraithe ar fáil faoin leas a bhaintear as Teicneolaíocht Eolais in obair na Cartlainne Náisiúnta agus shainaithin sé na n-irí agus na laig a bhaineann le cúrsaí mar atá faoi láthair. I mí Mhárta, 1998, thiolaic Frances McGee, Cartlannaí, páipéar faoi chúrsaí i láthair na huairé i dtaca le hábhair chartlainne údarás áitiúil. Leag sí béim ar an obair mhór atá le déanamh ag údarás áitiúla chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus ar na deacrachtaí atá ag údarás áitiúla bheaga i dtaca le foireann oílte chartlainneacha a earcú agus a choimeád.

4.3 Ghlac an Chomhairle le cuireadh ó Bhardas Chorcaí a cruinniú a thionóil i Halla na Cathrach, Corcaigh, i mí Mhárta. An tráth sin, thapaigh an Chomhairle an deis freisin chun cuairt a thabhairt ar Institiúid Chartlainneacha Chorcaí, an chartlann chathrach agus chontae, agus chun eolas a fháil ar an réimse taifead a bhí tiomsaithe i gcomhthéacs údarás áitiúil. Áirítear ar na bailiúcháin a scrúdaíodh le linn na cuairte taifid bhaile Eochaille, 1609-1960, leabhair mhiontuairiscí choiste Bhardas Chorcaí de chuid an 19ú haois agus línióchiaí Suirbhéirí Contae de thithe cúirte, de bhóithre agus de phiaraí. Thug an chuairt deis luachmhar do chomhaltaí na Comhairle an acmhainn atá ann i gcartlanna údarás áitiúil agus scála na hoibre atá i gceist chun an t-ábhar a chur ar fáil don phobal a fheiceáil dóibh féin.

4.4 Ghlac an Chomhairle cuireadh chun cuairt a thabhairt ar an *Public Record Office of Northern Ireland* ar an 29 Aibreán, 1998. Chuir an Dr. A. P. Malcomson, Príomhfhéidhmeannach, agus a fhoireann fáilte ó chroí roimh na comhaltaí den Chomhairle a thaiséal go Béal Feirste, agus roimh Stúirthóir na Cartlainne Náisiúnta a bhí in éineacht leo, agus chuaigh siad ar thuras thart ar na saoráidí atá ar fáil ansin.

4.5 Chuir na Comhaltaí speis ar leith sa taispeántas a thug an tUas. Gerry Slater, Leas-Phríomhfhéidhmeannach, ar fhiseán idirghníomhach. Tugann an fhiseán sin eolas do chuariteoirí céaduaire ar PRONI faoi na seirbhísí atá ar fáil, faoin réimse taifead atá ann, faoi conas leas a bhaint as na cineálacha éagsúla doiciméad le linn taighde a dhéanamh, agus faoi conas ábhar lámhscríbhíne a lámhsú gan damáiste a dhéanamh. Bhí na Comhaltaí buíoch freisin as an mbunéolas mionsonraithe a fuair siad ar bhainistíocht agus ar oibriú na n-aonad micreascannánaithe agus caomhnaithe.

4.6 Le linn na cuairte bhí an deis ann chun bualadh le comhaltaí den *Public Record Office of Northern Ireland Advisory Board* lena n-áirítear an Dr. W.H. Crawford, Maura McCann, an tIarla Belmore agus an tUas. Patrick McShane agus chun plé a dhéanamh faoi nithe comhspeise. Labhair an Dr. Crawford leis an gComhairle faoi chlár cianteagmhála na hOifige Taifead Poiblí sna contaetha teorann.

4.7 Le linn 1998 ghlac an Cathaoirleach le roinnt cuiri chun bualadh, agus comhairle a ghlacadh, le daoine agus eagraíochtaí éagsúla ar speis leo ábhair chartlainne Éireannacha. Áirítear orthu sin An Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach agus an Tionscnamh Stair na mBan. Tá speis ar leith ag an gComhairle i ngníomhaíochtaí lena ngabhann comhairle a ghlacadh le cartlainneithe, riarthóirí, staraíthe, ginealeolaíthe, taighdeoirí agus úsáidirí ábhar chartlainne, sa chaoi go mbeidh gach eolas acu ar an bpobal cartlainneacha i gcoitinne agus go mbeidh siad in ann feidhmiú thar a gceann.

98/49:

Stampa trádhmhair: Oifig na bPáilíní, ca. 1920.



## 5. PLEAN STRAITÉISEACH DON CHARTLANN NÁISIUNTA 1996-2001

5.1 Sa bhliain 1996 d'fhoilsigh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta *A Future for Our Past - Strategic Plan for the National Archives 1996-2001*. Ba é an cuspóir a bhí ag an bPlean Straitéiseach ná riachtanais thábhachtacha a shainaithint agus a léiriú ar riachtanais iad a theastódh chun an Chartlann Náisiúnta a thabhairt go caighdeán inghiachta. Leagadh síos cuspóirí a bhí le comhlíonadh laistigh de ré an Phlean agus áiríodh orthu sin Taidí Roinne agus Neamh-Roinne, Áitreabh, Foireann, Polasáí Caomhnaithe, Seirbhísí d'Úsáidirí agus Seirbhísí Cianteagmhála, agus Teicneolaíocht an Eolais. Sainaithníodh na réimsí sin go léir mar réimsí a bhí thar a bheith tábhachtach i dtaca le hoibriú rathúil na Cartlainne Náisiúnta agus i dtaca le feidhmiú éifeachtach an Ahta um Chartlann Náisiúnta agus reachtaíochta (omchuí eile a achiáodh ó 1986 i leith).

5.2 Ó foilsíodh an Plean Straitéiseach is ionann é agus an príomhbhonn le polasáí i ndáil le hobair na Cartlainne Náisiúnta ach sin faoi réir cheanglais reachtaíochta agus cinntí Rialtais agus Airí (féach *Tuarascáil Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta don bhliain 1998*, roinn 1).

5.3 Is mian leis an gComhairle go ndéanfar an oiread dul chun cinn agus is féidir i dtaca le comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach idir seo agus an bhliain 2001. Ag féachaint do na forbairtí dearfacha atá tar éis tarlú cheana féin, is é sin dhá bhliain isteach sa tréimhse lena mbaireann an Plean Straitéiseach, tá ábhar dóchais ann go bhfuiltear ag freastal, i sí dháiríre, ar riachtanais na Cartlainne Náisiúnta.

### MAIDIR LE HÁITREABH

5.4 Tar éis don Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera, T.D., a fhógairt i mí na Nollag 1997 gur cheadaigh an Rialtas oiriúnú agus méadú an stórais ag Sráid an Easpaig bhíochas ag ceapadh go gcuirfí tús leis an obair ar an tionscadal de réir clár ama a d'aontófaí le hOifig na nOibreacha Poiblí agus go gcuirfí an obair i gcrích faoi dheireadh mhí Aibreáin 2001.

5.5 Léirigh an Chomhairle a sástacht leis an gciár le haghaidh fhorbairt an Stórais ach ba ábhar mór imní don Chomhairle, ag a cruinniú ar an 24 Meán Fómhair na míleanná agus na fadhbanna a bhí ann ar dtús i dtaca le hathlonnú sealadach Aonad Clódóireachta na gCoimisinéirí Ioncaim sa Stóras. Agus iad ag gníomhú thar ceann na Comhairle, bhuaib an Cathaoirleach agus an tOllamh Mary E. Daly ina dhiaidh sin le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí a dhearbhaigh dóibh go raibh rún daingean ag Oifig na nOibreacha Poiblí an clár a chur i gcrích go tapa.

### MAIDIR LE CÚRSAÍ FOIRNE:

5.6 Creideann an Chomhairle seo gurb é ceann de na constaicí is mó atá le sárú i gcomhthéacs obair na Cartlainne Náisiúnta i dtaca le liostú agus le freastal ar éileamh an phobail ar rochtain ar ábhair chartlainne ná an líon íseal foirne a cheadaítear a fhosú.

5.7 Is é tuairim na Comhairle ná, i bhfianaise thábhacht an ról agus na feidhme atá ag an gCartlann Náisiúnta, nach leor ar chor ar bith foireann bhuan ina bhfuil an Stiúirthóir, 1 Chartlainnaí Sinsearach, 7 Cartlainnaí, 1 Oifigeadh Feidhmiúcháin agus 21 phost i ngráid níos sóisearaí ná sin. I gcomórtas leis sin, tá tuairim is 65 dhuine ar fad fostaithe sa *Public Record Office of Northern Ireland*, agus tá os cionn 100 duine ar fhoireann an *National Archives of Scotland*.

5.8 Creideann an Chomhairle freisin, i dtaca leis an gcleachtas láithreach trína bhfostaítear 4 Cartlainnaí Shealadacha ar chonarthaí ar feadh tréimhse áirithe, nach leor é i gcomórtas le líon dóthanach foirne buaine, cé gur beart luachbhar é chun bearna a líonadh a mhéid a bhaineann le próiseál ghairmiúil a dhéanamh ar na riaráistí móra taifead. Má tá siad le seirbhís ghairmiúil den chineál is fearr a chur ar fáil, ní mór do chartlainnaithe comhleanúnachas a bheith acu le go bhfaighidh siad eolas maith ar na hábhair chartlainne nach mór dóibh comhairle a thabhairt ina leith. Míbhuntáiste eile a bhaineann le Cartlainnaithe Sealadacha ag teacht agus ag imeacht go síoraí ná go gcuireann traenáil na foirne sealadaí isteach ar obair na foirne buaine.

5.9 Is ábhar mór imní don Chomhairle cineál éagothrom na sócrúithe foirne sa Chartlann Náisiúnta. Is léir go bhfuil easpa mhór foirne riaracháin ann i ngráid ar leith. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an Stiúirthóir agus cartlainnaithe gairmiúla ag caitheamh ama ar ghnéithe de riarachán a d'fhéadfadh, agus ar cóir, a bheith mar chuid de fhreagracht grád eile. Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le héileamh an Stiúirthóra ar thuilleadh foirne agus, go háirithe, ar dheich bpost breise a chruthú, lena n-áirítear post mar Bhainisteoir Teicneolaíochta Eolais agus post mar Cheann Caomhnoireachta.

### MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ D'ÚSÁIDIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ CIANTEAGMHÁLA:

5.10 Beidh ról níos tábhachtaí ag Cartlainnaíocht sna blianta atá romhainn a mhéid a bhaineann le hoidhreacht na tíre seo. Tá cuid mhór fianaise ann ar spéis mhéadaitheach i gcartlainnaíocht ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil araon. Tá athrú mór ag teacht ar mhúineadh na staire i scoileanna mar go mbítear ag baint leas níos mó as macasamhla de bhunábhar taighde rud a thugann deis do dhaltai teagmháil níos dlúithe a bheith acu le daoine agus le himeachtaí a bhaineann leis an am atá caite mar aon le seans chun forbairt a dhéanamh ar scoileanna measúnachta fianaise. Creideann an Chomhairle gur féidir leis an gCartlann Náisiúnta páirt thábhachtach a bheith aici i dtaca le freastal ar riachtanais mac léinn agus taighdeoirí acadúla ach acmhainní airgeadais dóthanacha a fháil.

5.11 Is eol don Chomhairle an cumas atá ann sa Charlann Náisiúnta maidir le taispeántais, foilseacháin agus seirbhísí oideachais a sholáthar. I mí Aibreáin reáchtáil an Charlann Náisiúnta taispeántas dar teideal *The Calamitous Fire*. Bhain an taispeántas léas as doiciméid bhunaidh de chuid na Cartlainne Náisiúnta agus de chuid coimeádlann eile chun an scéal brónach a insint faoi scriosadh Oifig na dTáifead Poiblí in Éirinn sa bhliain 1922. Cuireadh an taispeántas ar siúl den chéad uair i nDrioglann na Leabharlainne Dlí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath, agus, ina dhiaidh sin, tugadh an taispeántas ar thuras ar fud na tíre; cuireadh speis an-mhór ann. Déanann an Chomhairle comhghairdeas le Stiúrthóir agus le foireann na Cartlainne Náisiúnta agus, go háirithe, le comhordaitheoir an taispeántais, Catriona Crowe, agus leis an taidheoir, Aideen Ireland, as an bhfiontar rathúil seo a reáchtáil.

5.12 Meastar go bhfuil láthair líonra na Cartlainne Náisiúnta (<http://www.nationalarchives.ie>) ina sócmhainn an-luachmhar do dhaoine i gcéin agus i gcóngar atá ag lorg eolais faoin gCartlann Náisiúnta agus faoina sealúchais. Ar an meán, tugtar os cionn 25,000 cuairt sa tseachtain ar na leathanaigh ag an láthair líonra. Is ionann sin is a rá go mbíonn roinnt mílte daoine ag baint úsáid as gach seachtain.



RR OCT 1968

D/23

3729

**CONFIDENTIAL**

October 18, 1968.

I had an opportunity of correcting this in a television interview later in the day and of explaining how the electoral system in Derry is bound to maintain injustice.

Dear Secretary, Sir, I now think that I should have said

The Province: I have received the Department's circular the minute of the 10th October regarding the incidents which occurred in Derry on the 5th October. I was very glad to get it, as I was wondering what attitude I should take concerning any enquiries directed at me in that regard.

When I arrived in Vancouver on the 7th October a lady journalist from The Province, of Vancouver, asked me for my comments on the "Protestant-Catholic riots" in Derry, and whether they fitted in to the pattern of present student unrest and civil disobedience in other countries. I replied that the issues at stake in Derry were not theological, but political. The problems were not new ones, unlike those giving rise to demonstrations in other countries, but had been live issues for fifty years, and that Derry will be like a volcano, erupting every now and then, as long as the present electoral system - which gives the administration of the city and all that that entails into the hands of the Unionist minority - is not reformed. As I had no up-to-the-minute information from Ireland on the crisis, I declined to comment further.

The next morning The Province published a report which, though it mentioned the matter of the Derry constituencies, misquoted me as having used the journalist's phrase, "the old Protestant-Roman Catholic feud", (and had the unfortunate heading "Irishmen 'regret' uprising").

Mr O'Tuathail Mr Cassin  
I should arrange to have  
the replies to the many P.O.s sent to  
all ministers as soon as they are received  
AMBASADA NA h-ÉIREANN  
EMBASSY OF IRELAND  
170 Metcalfe Street  
OTTAWA

58/3/98:

litir ó Ambasadóir na hÉireann chun Cearta da chuid Rúnai na Roinne Gnóthaí Eachtracha, ina luaitear tuairimí thar lear faoi na máirsealacha ceart sibhialta i dTuaisceart Éireann: 18 Deireadh Fómhair, 1968

thús 97746/231:

mionsonra as léas i gomhair 82 bhliain chug John Hawkins Askins do thailte ar Ascaill na Páirce, Dumhach Thrá, Contae Bhaile Átha Cliath, Línas 1866.




## 6. CAOMHNOIREACTH

- 6.1 Tacaíonn an Chomhairle go fonnmar leis an éileamh go mbunófar aonad caomhnóireachta sa Chartlann Náisiúnta. Faoi láthair, níl saoráidí caomhnóireachta ná micreascannánaithe ag an gChartlann Náisiúnta agus níl aon chaomhnóir oilte ar an bhfoireann. Dá bhrí sin bíonn ar an Stiúrthóir ábhair a chur á ndeisiú nó á micreascannánu in ionaid lasmuigh den Chartlann.
- 6.2 Mar gheall ar líon na sealúchas atá ann faoi láthair sa Chartlann Náisiúnta, ar mó a méid ná 5,500 méadar ciúbach, is é tuairim na Comhairle ná go bhfuil an ceart ag an Stiúrthóir ina éileamh go mbunófar aonad caomhnóireachta. Nithe leochaileach atá in ábhair chartlainne agus, i gcásanna áirithe, tar éis dóibh maireachtáil ar feadh na gcéadta bliain, déantar damáiste dóibh mar gheall ar an gcaitheamh agus ar an gcuimilt a bhíonn ann i bhforas cartlainnaíochta nach bhfuil caomhnóir ná aonad caomhnóireachta ann. Is eol don Chomhairle go bhfuil éileamh mór ar chaomhnú ag leibhéil éagsúla laistigh den Chartlann Náisiúnta. Déantar iniúchadh ar bheagnach 50,000 doiciméad in aghaidh na bliana sa Seomra Léitheoireachta agus tá tasc dúshlánach romhainn i diaca lena chinntiú go ndéanfar na hábhair atá ann a láimhseáil go sábháilte, a stóráil, a dheisiú agus a atáirgeadh go sábháilte ar pháipéar, ar scannán agus ar CD-ROM.
- 6.3 Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil aonaid chaomhnóireachta bunaithe cheana féin sa Dánlann Náisiúnta, san Ard-Mhúsaem agus sa Leabharlann Náisiúnta. Le fírinne, creideann an Chomhairle go bhfuil aonad den sórt sin chomh tábhachtach céanna i gcás na Cartlainne Náisiúnta.

620/48/47 Páipéir Reibiliúin

paimfléad a fuarthas i measc pháipéir John Swiney, 1798.



## 7. TAIFID ROINNE A AISTRIÚ

- 7.1 Tá sonraí maidir le haistriú taifead Roinne chuig an gCartlann Náisiúnta sa bhliain 1998 le fáil i dTuarascáil an Stiúthóra don bhliain 1998.
- 7.2 Is mian leis an gComhairle moladh a thabhairt do na Ranna sin a bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu agus foireann curtha ar fáil acu chun a chinntiú go ndéantar taifid Roinne a aistriú go tráthuil, go hordúil agus go córasach chuig an gCartlann Náisiúnta. Iarrann sí ar na Ranna sin nach bhfuil an méid sin déanta acu déanamh amhlaidh mar ábhar práinne.
- 7.3 Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar imní di é nár aistrigh tromlach na Ranna taifid sa bhliain 1998 (féach *Tuarascáil an Stiúthóra don bhliain 1998*). Is ábhar diomá an méid sin ó tharla go raibh an spás stórála ag an gCartlann Náisiúnta, den chéad uair le tamall de bhlianta, ba ghá lena cheadú di aistrithe bliantúla a ghlacadh. Is ceanglas reachtúil é taifid is sine ná 30 bliain d'aois a aistriú. Tá rún ag an gComhairle faireachán gear a dhéanamh ar Ranna i dtaca le haistriú taifead i 1999.
- 7.4 Luadh i dtuarascálacha roimhe seo ón gComhairle nach ndearna an Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a gcuid taifead réamh-1960 a aistriú d'ainneoin spás a bheith ar fáil sa Chartlann Náisiúnta sa chéad leath de bhlianta na 1990-ídí. Is cúis áthais don Chomhairle, dá bhrí sin, a rá gur aistrigh an Roinn Airgeadais taifid don tréimhse 1942-1963 sa bhliain 1998. Níor aistrigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aon taifid, áfach, sa bhliain 1998.

620/15/537/108 *Páipéir Reibiliún:*  
lámhbhille a fuarthas i measc pháipéir  
an Dr. William McNevin, 1798.

## JOSEPH COURTNEY,

*Grocer, Tea and Wine Merchant,*  
No. 41, MARY-STREET, DUBLIN,

HAS for SALE the following ARTICLES of the first QUALITY.

<b>T E A S.</b>	Briffol Beer	Patent and plain Cocos
<b>GUN POWDER</b>	Bellingham Ale	Mace and Cloves
London Green	Pale Butt	Nutmegs, Cinnamon, Allspice
Hylon	Porter	Black, White, Long, and
Bloom	Cider	Cayenne Pepper
Singlo	Perry	Whole and ground Ginger
Plain Green		Jordan and Bitter Almonds
Souchong	<b>FRENCH CORDIALS.</b>	Citron
Congo	Parfaitanour	Smyrna and Calk Figs
Bohea	Crene de Framboise	Prunes and French Plumbs
<b>SUGARS.</b>	Crene de Cassle da Japan	Muscattell, Jarr & Calk Raisins
Single, Double, and Treble	Crene de Fleur D'Orange	Currants
Refine	Huile de Jupiter	Tamarinds
Houfe-keepers	Huile de Venus	Darium Mustard and Mustard Seed
Lump	Huile D'Orange de Malte	Whole and Ground Rice
Powder	Ratscha	Miller
East India	Percico,	Peal and Fresh Batley
Brazil	<b>SIROPS</b>	Sago and Sallop
Clayed	D'Capillaire	Tapioca
Brown and White Candy	D'Orgest	Mortelles
<b>WINE S.</b>	<b>FRUIT IN BRANDY.</b>	Truffles, Dried and in Oil
Claret	Figs	linglafi
Red and White Port	Oranges	Macaroni and Vermicelli
Madeira	Limes	Pistachio Nuts
Bucellas	Walnuts	Caraway Seeds
Sherry	Citron	Green & Refined Licorice
Frontinac	Almonds	Licorice Ball
Lifbon	Peaches	Starch, Slate, Powder, and
Calcavella,	Apricots	Small Blues
Vin de Grave	Pears	Shavings of Hartthorn
Hock	Plumbs	Green and White Split Peas
Sweet Mountain		Lucca and Provence Oil
<b>SPIRITS.</b>	Salt Peter and Bulket Salt	Anchovies
Raspberry and Plain Brandies	Turkey and Plantation Coffee	Capers
Raspberry, Pine Apple, and plain Rums	Sir Ham Sloane's Milk Chocolate	Olives
Raspberry, Currant and plain Whiskey	Churchman's Patrat do.	Catfup, Soy & Lemon Pickles
Geneva	King's do.	Vinagre des Quatre Voleurs
<b>SHOP-KEEPERS</b> who buy for <b>READY-MONEY</b> , will meet with every Encouragement.	Cinnamon Composition do.	Best Pickling Viacur
	Venelle and Caracca, do.	Hops
		Brittol and Cottos Wick
		German, Spa & Seltzer Water

## 8. SAORÁIL FAISNEISE

- 8.1 Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, lena ndéantar socrú maidir le rochtain don phobal ar thaifid a choimeádann comhlachtaí poiblí, i bhfeidhm i gcoitinne ar an 21 Aibreán, 1998, i gcás Ranna rialtais agus roinnt comhlachtaí suntasacha. Leathnaíodh an tAcht chuig údarais áitiúla agus chuig boird sláinte ar an 21 Deireadh Fómhair, 1998.
- 8.2 Is é tuairim na Comhairle go bhfuil feidhmiú rathúil an Achta um Shaoráil Faisnéise ag brath ar chomhlachtaí poiblí do thabhairt faoi bhainistíocht taifead ar shlí réasúnaithe agus chomhtháite. Measann an Chomhairle gurb ionann bainistíocht fheabhsaithe eolais den sórt sin agus forbairt dhearfach agus is mian léi a mholadh go gcuirfead i bhfeidhm go tapa cibé ionstraimí riaracháin is gá chun go n-éireoidh le bainistíocht taifead, le haistriú taifead agus le próiseáil iarrataí Saorála Faisnéise i gcomhlachtaí poiblí.

98/6/156:

Ilitir ó Dhonechadh Ó Máille, Aire Oideachais, chuig an Taoiseach, maidir le scoileanna saothair, 19 Eanáir 1967.

thíos 98/49:

Stampa trádmhairc Oifig na bPaitinní, ca. 1920.



ΟΥΓΙΣ ΔΗ ΔΙΡΕ ΟΥΘΕΑΚΑΙΣ.  
βασιλε ΔΑΤΑ ΚΙΛΑΤ.

19 Eanáir, 1967.

Seán Uas. Ó Loinsigh, T.D.,  
Taoiseach,  
Áras an Rialtais,  
Áth Cliath, 2.

Dear Taoiseach,

Following on your letter of the 6th about Brother Normoyle's remarks on R.T.E., I have been making inquiries into the matter.

The only difficulty in regard to Government policy which these school managers have ever brought to the Department's notice is that of the small size of grants and matters stemming from that. It is a constant cry with them that the grant is only about one third that given in the Six Counties.

There is of course something in this. It is not so easy for them to provide a building, maintain it, provide staffing, clothe and feed the pupils, take them on annual holidays, provide medical and other care for them, and so on at £3.7s.6d. per head per week. In fact, while the forty or so industrial schools generally are run very well, there are some marked deficiencies, especially in relation to provision for the psychiatric treatment of the children.

A particular complaint of the school managers in recent years was that the steady fall in the number of committals was rendering some of their schools uneconomic. To meet this point we recently, with the fullest agreement and approval of the managers concerned, made an arrangement with them whereby certain of the boys schools (Upton, Glin and Clonmel) would apply to be closed. They were duly closed and the pupils distributed to other schools and, as far as we know, there have been no objections to this.

I don't know exactly therefore what Brother Normoyle was getting at and I have a shrewd idea that he wouldn't know either. It was probably his first appearance on television and his instinct was to fob off from the Order any blame that might be going. On the whole I would be inclined to let the matter go at that. He is not a man who normally opens his mouth much.

I myself am not too happy about the Industrial and Reformatory schools generally, or rather about the public image of them. I have been in touch accordingly with the Dublin Junior Chamber of Commerce, who take an interest in the matter, and have a notion of setting up an ad hoc visiting committee to report to me on the problem. If it were to do nothing else, it might at least have the effect of allaying public unease.


One of the troubles in that regard is that Daingean Reformatory, which is really suffering from very poor accommodation, understaffing and under-everything practically, is confused in the public mind with the forty industrial schools of which the vast majority cater very well indeed for their children.

# NAAC

## 9. ÁBHAIR CHARTLAINNE ÚDARÁS ÁITIÚIL

9.1 Mar aitheantas don dul chun cinn mór atá déanta i dtaca le hábhair chartlainne údarás áitiúil agus i dtaca le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt i ndáil leis an dul chun cinn sin, d'aontaigh roinnt comhaltai den Chomhairle seimineár a eagrú faoi ábhair chartlainne údarás áitiúil; tá an seimineár le bheith ann san Fhómhar i 1999. Meastar gur tráthúil go mbeidh an seimineár seo ag tarlú sa bhliain ina bhfuilimid ag ceiliúradh 100 bliain de rialtas áitiúil in Éirinn; is í an bhliain 1999 cothrom 100 bliain thoghadh na gcéad údarás áitiúil faoin Local Government Act, 1898.

9.2 Is é seo an dara seimineár faoi ábhair chartlainne údarás áitiúil a bheidh á sheoladh faoi choimirce na Comhairle. Is é cuspóir an tseimineáir ná athbhreithniú a dhéanamh ar na hathruithe atá tar éis tarlú ó bhí an chéad seimineár ann i mí Dheireadh Fómhair, 1991, agus ó d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil *Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha ar Ábhair Chartlainne agus Tuaid Údarás Áitiúil*. (Chun eolas a fháil faoin gcéad seimineár, féach an 2ú Tuarascáil ón gComhairle, 1992, l. 15-16).



97/46/21261 Léasanna Eastáit Pembroke:  
léas i gcomhair 150 bliain chuig James Connolly do thailte ar an taobh thiar de Shráid Chiar Fhada. Rinn na Séad, Baile Átha Cliath, maille le léarscáil i gceangal leis, Meitheamh 1791.

# 10. ÁBHAIR CHARTLAINNE MAR OIÐHREACHT

- 10.1 Is ionann ábhair chartlainne a shealbhaítear ar bhonn náisiúnta, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn príobháideach agus gné tábhachtach dár n-oidhreacht chultúrtha agus is stórais iad dár gcomchuidimhne. De réir mar atá ár gcuid institiúidí cultúir ag pleanáil i gcomhair céid nua tá sé tábhachtach go dtugtar an tábhacht chéanna don ghné seo dár n-oidhreacht a thugtar, mar shampla, do na hamharc-ealaíona agus do na healaíona taibhíthe nó do bhailiúcháin mhúsaem.
- 10.2 Is mian leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán go ndéanfar pleanáil cheart chun gach gné dár n-oidhreacht a chosaint agus chun a chinntiú go mbainfidh an pobal an tairbhe is mó is féidir aisti. Sa chomhthéacs sin, tá tús curtha aici leis an obair a bhaineann le Plean Náisiúnta Oidhreachta.
- 10.3 Thar ceann na Comhairle, chuir an tOllamh Mary E. Daly agus an Cathaoirleach aighneacht os comhair na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán i dtaobh an Phlean Náisiúnta Oidhreachta a bhí beartaithe.
- 10.4 Mar chuid dá haighneacht, thug an Chomhairle dá haire go bhfuil roinnt comhlachtaí stát-tionscanta á bpríobháidíú agus go bhfuil tábhacht lena n-ábhair chartlainne i dtaca le staidéar a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann ó bunaidh an Stát. Leag an aighneacht béim ar an ngá le taifid de chuid comhlachtaí stát-tionscanta a chosaint. Mhol sí go bhféadfaí taifid na gcomhlachtaí sin a chosaint trí leathnú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Ina theannta sin, leagadh béim san aighneacht ar an tábhacht a bhaineann le háiseanna de chineál atá inúsáidte go réidh a aimsiú ionas go mbeidh rochtain níos fearr ar na taifid a choimeádann an Chartlann Náisiúnta.
- 10.5 Léirigh an Chomhairle go bhfuil sí sásta idirchaidreamh a dhéanamh leis an gComhairle Oidhreachta agus le gníomhaireachtaí eile chun plé a dhéanamh faoi mhodhanna fóinteacha idirghníomhaíochta agus comhoibríthe d'fhonn todhchaí ár n-oidhreachta cartlannaíochta náisiúnta a choimirciú.


97/46/31:  
 mionsonra as léas i gcomhair 82 bhliain chuig John Hawkins Askins do thailte ar Ascaill na Páirce, Dumhach Thrá, Contae Bhaile Átha Cliath, Lúnasa 1866. Sirítheoirí: Iarla Clanwilliam, Marcas Ailesbury, John Askins.

left 98/49:  
 Stampa trádhmhairc Oifig na bPáitinní, ca. 1920.



## II. TIOMNACHT FRANCIS J. CROWLEY

- 11.1 Is mian leis an gComhairle a mbuíochas a dhearbhu i leith fhlaithiúlacht an Ollaimh Francis J. Crowley nach maireann. Faoi théarmaí a uachta rinne an tOllamh Crowley, ar de bhunadh na hÉireann é, tiomnacht don Stát trinar socraíodh gur ceart cistí óna eastát a úsáid le linn taidif ar stair mhuintir na hÉireann a fháil agus a chaomhnú.
- 11.2 Chun leas a bhaint as na cistí sin d'aontaigh an Chartlann Náisiúnta tabhairt faoi thionscadal ina ndéanfar Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1818-1852 a liostú, a mhicreascannánú agus a fhoilsiú ar CD-ROM.
- 11.3 Ba é an Príomh-Rúnaí an comhalta den rialtas ar a raibh freagracht fhoriomlán as rialú na hÉireann. Is féidir glacadh leis gurbh ionann oifig s'aigesean i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus an Iárionad riaracháin in Éirinn.
- 11.4 Is iad Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí an tsraith is tábhachtaí d'ábhair chartlainne i dtaobh na hÉireann sa naoú haois déag dá bhfuil ar fáil ar fud an domhain. Tá eolas luachmhar stairiúil iontu ar réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear imírce, dlí agus ord poiblí, na córais pionósaithe agus breithiúnachta, faoiseamh ó chruatan, airgeadas, polaitíocht, gnóchaí míleata agus oibreacha poiblí.
- 11.5 Rugadh an tOllamh Francis J. Crowley i New Haven, Connecticut, sa bhliain 1902. Fuair sé céim B.A. ó Yale sa bhliain 1924 agus ina dhiaidh sin fuair sé céimeanna M.A. agus Ph.D. in Ollscoil Princeton. Is ansin a thosaigh sé ag déanamh staidéar ar Voltaire; tháinig sé chun bheith ina shaineolaí ar Voltaire agus bhain sé aitheantas idirnáisiúnta amach ina leith. Bhí sé ina Ollamh Emeritus de chuid Ollscoil California i Los Angeles; litríocht na Fraince an speisialtóireacht a bhí aige. Bronnadh Ard-Bhonn Alliance Française Pháras air sa bhliain 1960 as ucht a shaothair i réimse chultúr na Fraince. Chomh maithe leis sin, ba *Membre Correspondant* den Institut Voltaire de Belgique sa Bhruiséil. Fuair sé bás, tar éis tinnis ghairid, ar an 29 Meitheamh 1996.
- 11.6 Tugadh aitheantas do fhlaithiúlacht an Ollaimh Crowley nach maireann ag ócáid speisialta a seoladh sa Chartlann Náisiúnta ar an 10 Nollaig, 1998, tráth a labhair an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera, T.D. (féach an Aguisín).



## AGUISÍN

## BRONNADH OIFIGIÚIL THIOMNACHT FRANCIS J. CROWLEY AR AN STÁT

Ghabh an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera, T.D., buíochas as flaitiúlacht an Ollaimh Francis J. Crowley nach maireann le linn searmanais chun comóradh a dhéanamh ar bhronnadh oifigiúil Thiomnacht Francis J. Crowley ar an Stát sa Chartlann Náisiúnta ar an 10 Nollaig, 1998. Bhí an tUas. Albert Seed, seiceadóir eastát an Ollaimh nach maireann, a chéile Lois agus col ceathair de chuid an Ollaimh, Marie Carr-Kelleher, i láthair ag an searmanas. Bhí comhaltaí den Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta i láthair freisin mar aon le staraithe, cartlannaithe agus taighdeoirí éagsúla agus foireanna Cartlainne Náisiúnta agus na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Seo a leanas sliocht as a hóráid:

*"Bainfead leas as fáiltais Thiomnacht Francis J. Crowley chun an t-aon taifead cuimsitheach ambáin ar shaol na hÉireann sa naoú haois déag, a tháinig slán trí shlad Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha in Éirinn, a chaomhnú agus a chur ar fáil ar bhonn buan. Is é atá sa taifead marthanach seo ná Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí atá faoi chúram agus faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta.*

*Nuair a scríosadh na Ceithre Chúirt cailleadh an chuid is mó de na taifid a bhí á gcoimeád ansin. Ba tháifid iad sin ar shaol ghnáthmhuintir na hÉireann, idir fhir agus mhná. Tá an t-ádh orainn, dá bhri sin, go bhfuil bailiúchán réasúnaithe náisiúnta taifead againn fús ina ndéantar taifead ar fhorbairt na tíre sa naoú haois déag. Baineann na páipéir seo le saincheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear imirce, ord poiblí, oideachas, aithchóiriú breithiúnachta, sláinte, airgeadas agus oibreacha poiblí.*

*Ó tharla nach raibh na hacmhainní againn go nuige seo níorbh fhéidir innéacsú a dhéanamh ar na taifid seo ná iad a chur ar fáil go réidh do thaighdeoirí anseo in Éirinn nó thar lear.*

*A bhíochas ar thiomnacht an Ollaimh Crowley beifear in ann na taifid seo a innéacsú agus a chóipeáil anois agus, sa deireadh, iad a chur ar fáil ar CD-ROM. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas, den chéad uair, eolas a chur ar fáil faoi thréimhse dhoiléir i stair ár náisiúin agus ar na próisis staire a chuaigh i gcion ar chultúr agus ar chinníúint mhuintir na hÉireann gach áit a bhfuil siad agus go háirithe sbliocht na nÉireannach sin a theith ó Éirinn le linn an naoú haois déag.*

*Mar aibheantas do fhlaitiúlacht an Ollaimh Crowley tá cinneadh déanta agam go duabharfar Eagrán Francis J. Crowley de Pháipéir Stáit na hÉireann 1818-1852 ar na Páipéir nuair a bheidh siad críochnaithe."*

ar cll 1002 H Jameson 4/9:

Cuimhneachán Náisiúnta Cogaidh na hÉireann, Droichead na hInse: píaraí eibhir, geataí agus ráillí iarainn theilgthe. Líníochtaí le E. L. Lutyens, 1939.

ar dheis 98/25/4:

rang veidhlín i gcampa géibhinn Bhaile Coinnleora, 1921.



- Acht Cuanta, 1996, 2.5
- Acht Rialtais Áitiúil, 1994, 2.5, 4.2
- Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1.2, 2.1, 2.2-2.4, 5.1
- Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, 8.1-8.2
  - rialacháin bhainistíochta taifead faoi, 8.2
- Airgeadas, an Roinn, a cuid taifead, 7.4
- Boird Sláinte, a gcuid taifead, rochtain faoi Acht um Shaoráil Faisnéise, 8.1
- Cartlann Náisiúnta
  - áisiithe aimsithe, 10.4
  - aistriú taifead Rann Rialtais, 7.1-7.4
  - áitreabh, 5.4-5.5
  - bunú, 1.2
  - caomhnú ábhar cartlainne, 6.1-6.3
  - diúscairt taifead aici, 2.4
  - foireann, 5.6-5.9
  - Plean Straitéasach, 1996-2001, 5.1-5.12
  - seirbhísí diúsáidai agus cian-seirbhísí, 5.10-5.12
  - úsáid Theicneolaíocht an Eolais inti, 4.2
- Comhairle Oidhreachta, 10.5
- Comhairle um an gCartlann Náisiúnta
  - bunú agus feidhmeanna, 2.1-2.5
  - comhaltas, 3
  - cuairteanna a tugadh ar institiúidí cartlainnaíochta, 4.3-4.6
  - gníomhaíochtaí, 4.1-4.7
- Comhlachtaí Stát-tionscanta, a gcuid taifead, 10.4
- Comhshaol agus Rialtas Áitiúil, an tAire, 2.5
- Corcaigh, cuairt na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta, 4.3
- Crowley, Francis J., an t-Ollamh, tiomnacht uaidh, 11.1-11.6
- Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach, 4.7
- Ealaíona, Oidhrecht, Gaeltacht agus Oileán, an tAire, 2.2-2.3
- Ealaíona, Oidhrecht, Gaeltacht agus Oileán, an Roinn, 10.2-10.5
- Institiúid Airchiveanna Chorcaí, 4.3
- Muir agus Acmhainní Nádúrtha, an tAire, 2.5
- Oideachas agus Eolaíocht, an Roinn, a cuid taifead, 7.4
- Oidhrecht, ról cultúrtha cartlainne maidir léi, 10.1-10.5
- Oifig an Phríomh Rúnaí, a cuid taifead, tionscadal arna mhaoiniú le tiomnacht Crowley, 11.2-11.4
- Oifig na dTaifead Poiblí in dTuaisceart Éireann (PRONI)
  - bord comhairleach, 4.6
  - cuairt na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta air, 4.4-4.6
- Oifig na dTaifead Poiblí, 1.2
- Oifig na Stát-Pháipéar, 1.2
- Plean Náisiúnta Oidhreachta, 10.2
- Tionscnamh Stair na mBan, 4.7
- Údarais áitiúla, a gcuid taifead, 2.5, 4.2, 9.1-9.2
  - rochtain orthu faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 8.1